Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10531/26**

**DELACT 99**
**DENLEG 64**
**VETER 95**
**FOOD 83**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3876 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 12.6.2026<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le táirgí déiríochta áirithe, táirgí iascaigh áirithe agus moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí a theacht isteach san Aontas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3876 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3876 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2026
C(2026) 3876 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.6.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le táirgí déiríochta áirithe, táirgí iascaigh áirithe agus moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí a theacht isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leagtar síos rialacha maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe chun a áirithiú go gcomhlíonann coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí ó thríú tíortha na ceanglais maidir lena dteacht isteach san Aontas Eorpach.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún forlíontar Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann le sainaithint bia-ainmhithe agus earraí áirithe, i measc nithe eile, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine agus atá faoi réir na gceanglas maidir leis an tríú tír nó réigiún di, nó an bhunaíocht, a chur ar liosta agus faoi réir deimhnithe oifigiúla a eisiúint, agus faoi réir na gcoinníollacha sonracha i ndáil leis na hainmhithe sin agus na hearraí sin a theacht isteach san Aontas.

De réir na taithí a fuarthas go dtí seo, is gá roinnt forálacha de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a leasú. Leis na leasuithe tá sé beartaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) roinnt cóid Ainmníochta Comhcheangailte nó roinnt ceannteideal de chuid an Chórais Chomhchuibhithe (cóid AC/CC) a thabhairt isteach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292.

(b) roinnt cóid AC/CC a thabhairt isteach in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292.

(c) a léiriú in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 maidir le moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí, bídís beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte, go bhfuil siad eisiata ó chur chun feidhme na gceanglas a leagtar síos in Airteagail 6 go 12, cé is moite i gcás moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid muirí feirme, bídís beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte, a thógtar in áitribh ar talamh.

(d) roinnt cóid AC/CC a thabhairt isteach in Airteagail 13 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, chun a léiriú nár cheart teacht isteach den sórt sin san Aontas a cheadú ach amháin má sheoltar na coinsíneachtaí sin ó bhunaíochtaí i dtríú tíortha nó i réigiúin díobh a liostaítear chun na críche sin, agus má fhaightear nó má ullmhaítear iad sna bunaíochtaí sin.

(e) roinnt cóid AC/CC a thabhairt isteach in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, chun a léiriú nach mór an deimhniú oifigiúil ábhartha a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí na dtáirgí sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit laistigh de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin maidir le Sláinteachas Bia agus Rialú Bia de Bhunadh Ainmhíoch[1], agus tháinig na grúpaí sin le chéile chun na hábhair lena mbaineann a phlé an 18 Nollaig 2025.

[1] Tagairt E03522 i gClár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus eintiteas eile den saghas céanna.

Cuireadh tríú tíortha ar an eolas trí fhógra a thabhairt don Eagraíocht Dhomhanda Trádála faoi chuimsiú an Chomhaontaithe maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm.

Ar deireadh, sular ghlac an Coimisiún an Rialachán Tarmligthe seo, reáchtáil sé comhairliúcháin phoiblí ar bhealach oscailte trédhearcach i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[2].

Ós rud é go bhfuil Rialachán Tarmligthe ag teacht le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, rialachán lena gceanglaítear ar oibreoirí gnólachtaí bia a áirithiú nach ndéanfar táirgí de bhunadh ainmhíoch a allmhairiú ach amháin ó thíortha liostaithe agus d'fhonn teacht isteach san Aontas táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a bhfuil méideanna teoranta trádála acu a cheadú, níl aon mheasúnú tionchair déanta.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é Airteagal 126(1) de Rialachán (AE) 2017/625 is bunús dlí don Rialachán Tarmligthe.

2 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.6.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le táirgí déiríochta áirithe, táirgí iascaigh áirithe agus moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí a theacht isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)[1], agus go háirithe Airteagal 126(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625 leagtar síos rialacha maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais *inter alia* i réimse an bhia agus na sábháilteachta bia a fhíorú, reachtaíocht dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), de. Le hAirteagal 126 den Rialachán sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunaítear coinníollacha maidir le hainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas, agus foráiltear leis go sainaithneofar na hainmhithe agus na hearraí leis na coinníollacha sin trí thagairt a dhéanamh dá gcóid ón Ainmníocht Chomhcheangailte.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún[2] forlíontar Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le coinsíneachtaí bia-ainmhithe

[1] IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a

áirithe agus earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a theacht isteach san Aontas lena áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais is infheidhme a leagtar síos sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/625 nó ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad.

(3) Leagtar síos diancheanglais sláinteachais maidir le táirgí de bhunadh ainmhíoch i reachtaíocht an Aontais. Thairis sin, le hAirteagal 6(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], ceanglaítear ar oibreoirí gnólachtaí bia a allmhairíonn táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha a áirithiú nach ndéanfar allmhairiú ach amháin má tá an tríú tír ar liosta de thríú tíortha óna gceadaítear allmhairí na dtáirgí sin. In Airteagal 3, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 sonraítear na cóid Ainmníochta Comhcheangailte nó ceannteidil de chuid an Chórais Chomhchuibhithe (cóid AC/CC) a bhaineann leis na táirgí de bhunadh ainmhíoch a cheadaítear a theacht isteach san Aontas ó thríú tír nó ó réigiún di atá ar liosta le haghaidh na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch sin. Chun comhlíontacht a áirithiú leis na ceanglais ábhartha a bhunaítear le reachtaíocht an Aontais agus chun comhsheasmhacht a áirithiú idir Airteagal 6(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus Airteagal 3, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, ba cheart cóid AC/CC roinnt táirgí de bhunadh ainmhíoch a chur leis an bhforáil sin, ar táirgí iad nach bhfuil curtha go fóill le hAirteagal 3, pointe (b), den Rialachán Tarmligthe sin, is iad sin ullmhóidí ar táirgí déiríochta agus táirgí iascaigh is bunús leo.

(4) Sainaithnítear in Airteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 na hainmhithe agus na táirgí de bhunadh ainmhíoch a bhfuil feidhm ag ceanglais bhreise maidir lena dteacht isteach san Aontas a mhéid a bhaineann le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le hiarmhair díobh, le héilleáin agus le hiarmhair lotnaidicídí, i gcomhréir le hAirteagail 6 go 12 den Rialachán Tarmligthe sin. Na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle[4], Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún[5] agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], dá dtagraítear in Airteagail 9 go 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, tá feidhm acu maidir le táirgí déiríochta agus táirgí iascaigh, lena n-áirítear na táirgí sin nach bhfuil a gcóid AC/CC curtha le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292. Dá bhrí sin, ba cheart cóid AC/CC na dtáirgí sin a chur le hAirteagal 5(1) den Rialachán Tarmligthe sin.

(5) Sainaithnítear in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 na hainmhithe agus na táirgí de bhunadh ainmhíoch a bhfuil feidhm ag ceanglais bhreise maidir lena

---

thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2292/oj).

[3] Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/853/oj).

[4] Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/22/oj).

[5] Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, agus a n-aicmiú maidir le huasteorainneacha iarmhar i dtáirgí bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 15, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/37(1)/oj).

[6] Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj).

dteacht isteach san Aontas a mhéid a bhaineann le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le hiarmhair díobh, le héilleáin agus le hiarmhair lotnaidicídí. Moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí, bídís beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte, cuirtear le Cuid a Dó, Caibidil 3, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle iad[7]. Mar sin féin, déantar moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí a tháirgeadh agus a shaothrú sa timpeallacht nádúrtha de ghnáth. I gcás táirgeadh dobharshaothraithe, murab ionann agus speicis eile, ní sholáthraítear beatha ná substaintí eile, ach amháin i gcás ina ndéantar an táirgeadh sin in áitribh ar talamh. Ar an gcúis sin, níl bonn cirt le plean rialaithe i dtaobh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhar díobh, éilleán agus iarmhar lotnaidicídí ach amháin i gcás táirgeadh ar talamh. In Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 tá liosta de na táirgí de bhunadh ainmhíoch atá eisithe ó na ceanglais bhreise maidir lena dteacht isteach san Aontas a mhéid a bhaineann le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le hiarmhair díobh, le héilleáin agus le hiarmhair lotnaidicídí. Dá bhrí sin, moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí, bídís beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte, ba cheart iad a chur leis an liosta sin, seachas i gcás ina dtáirgtear iad in áitribh ar talamh.

(6) I Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, leagtar síos ceanglais shonracha sláinteachais maidir le táirgí iascaigh. I Roinn IX d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, leagtar síos ceanglais shonracha sláinteachais maidir le táirgí déiríochta. Thairis sin, le hAirteagal 6(1), pointe (b)(i), de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ceanglaítear ar oibreoirí gnólachtaí bia a allmhairíonn táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha a áirithiú nach ndéanfar allmhairiú ach amháin má tá an bhunaíocht ónar seoladh an táirge, agus ina bhfuarthas nó inar ullmhaíodh é, ar liosta de bhunaíochtaí óna gceadaítear allmhairiú an táirge sin, nuair is infheidhme. Coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch a leagtar síos ceanglais maidir leo in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus a liostaítear a gcóid AC/CC san Airteagal sin, foráiltear maidir leo le hAirteagal 13(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 nach bhféadfaidh siad a theacht isteach san Aontas ach amháin i gcás ina seoltar iad ó bhunaíochtaí atá ar liostaí arna dtarraingt suas agus arna gcoimeád cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointí (e)(ii) agus (iii), de Rialachán (AE) 2017/625, agus i gcás ina bhfaightear nó ina n-ullmhaítear iad sna bunaíochtaí sin. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais shonracha a leagtar síos i Ranna VIII agus IX d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus ar mhaithe le comhsheasmhacht, na cóid AC/CC a bhaineann le hullmhóidí ar táirgí déiríochta agus táirgí iascaigh is bunús leo, ar cóid iad nach bhfuil curtha le hAirteagal 13(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 fós, ba cheart iad a chur leis an bhforáil sin.

(7) Foráiltear le hAirteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 nach gceadaítear coinsíneachtaí táirgí iascaigh a liostaítear a gcóid AC/CC san Airteagal sin a theacht isteach san Aontas ach amháin i gcás ina bhfuarthas iad nó inar ullmhaíodh iad, ag céim ar bith dá dtáirgeadh, i mbunaíocht ar talamh, i monarcha nó i reothrálaer nó i gcás ina stóráiltear iad i bhfuarstóras nó i soitheach cuisnithe atá ar liosta arna

[7] Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

tharraingt suas agus arna thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2017/625 agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais shonracha a leagtar síos i Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus ar mhaithe le comhsheasmhacht, na cóid AC/CC a bhaineann le hullmhóidí ar táirgí iascaigh is bunús leo, ar cóid iad nach bhfuil curtha le hAirteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 fós, ba cheart iad a chur leis an bhforáil sin.

(8) Le hAirteagal 6(1), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ceanglaítear ar oibreoirí gnólachtaí bia a allmhairíonn táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha a áirithiú nach ndéanfar allmhairiú ach amháin má tá deimhnithe agus doiciméid ag gabháil leis na táirgí sin, nuair is infheidhme. In Airteagal 21(1), pointe (b)(ii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 sonraítear cóid AC/CC na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch nach gceadaítear a theacht isteach san Aontas ach amháin i gcás ina bhfuil deimhniú oifigiúil ag gabháil leo. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais shonracha a leagtar síos i Ranna VIII agus IX d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus ar mhaithe le comhsheasmhacht, na cóid AC/CC a bhaineann le hullmhóidí ar táirgí déiríochta agus táirgí iascaigh is bunús leo, ar cóid iad nach bhfuil curtha le hAirteagal 21(1), pointe (b)(ii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 fós, ba cheart iad a chur leis an bhforáil sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(ii):

' (ii) Ceannteidil de chuid an Chórais Chomhchuibhithe ('Ceannteidil CC') 0901, 1301, 1702, 1806, 1901, 2103, 2105, 2106, 2301, 3001, 3002, 3203, 3204, 3302, 3501, 3502, 3503, 3504, 3507, 3823, 3824, 3913, 3926, 4101, 4102, 4103 nó 9602 agus cóid AC 2202 99 agus 3917 10 10;';

(2) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) táirgí de bhunadh ainmhíoch, a bhfuil cóid AC leagtha síos ina leith i gCuid a Dó, Caibidlí 2 go 5, 15 agus 16, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, agus a bhfuil fo-ceanntheidil de chuid an Chórais Chomhchuibhithe ('fo-cheanntheidil CC') leagtha síos ina leith faoi cheannteidil HS 0901, 1901, 2103, 2105, 3501, 3502 agus 3504;';

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fleasc:

'- táirgí iascaigh ó ghabháil fhiáin, feithidí, froganna, cosa froganna, seilidí, reiptílí agus feoil reiptíle, agus';

(ii) cuirtear an cúigiú fleasc seo a leanas isteach:

'- moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí, bídís beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte, cé is moite de mhoilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus

gastrapóid mhuirí feirme a thógtar in áitribh ar talamh, bídís beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte.';

(3) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(ii):

' (ii) fo-ceannteidil CC faoi cheannteidil 1702, 1806, 1901, 2103, 2105, 2106, 2301, 2932, 3001, 3002, 3501, 3502, 3503, 3504, 4101, 4102 nó 4103, agus cóid AC 2202 99 agus 3917 10 10;';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

*Airteagal 18*

**Ceanglais speisialta maidir le táirgí iascaigh**

Coinsíneachtaí táirgí iascaigh a bhfuil cóid AC leagtha síos ina leith faoi cheannteidil 0301, 0302, 0303, 0304, 0305, 0306, 0307, 0308, 0309, 1504, 1516, 1517, 1603, 1604, 1605, 2103 nó 2106 i gCuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, ní thiocfaidh siad isteach san Aontas lena gcur ar an margadh ach amháin i gcás ina bhfuarthas iad nó inar ullmhaíodh iad, ag céim ar bith dá dtáirgeadh, i mbunaíocht ar talamh, i monarcha nó i reothrálaer nó i gcás ina stóráiltear iad i bhfuarstóras nó i soitheach cuisnithe atá ar liosta arna tharraingt suas agus arna thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2017/625 agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún.';

(5) in Airteagal 21(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(ii):

' (ii) ceannteidil CC 0901, 1702, 1806, 1901, 2103, 2105, 2106, 2301, 3001, 3002, 3302, 3501, 3502, 3503, 3504, 3507, 3913, 3926, 4101, 4102, 4103 nó 9602, agus cóid AC 2202 99 agus 3917 10 10;'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*